
## Gníomhaíocht 2: Eochair Chipíní an Gheimhridh

An féidir leat na crainn a chonaic tú **go dtí seo a aithint? Bain úsáid as na leideanna thíos chun cabhrú leat!**

- An bhfuil na bachlóga **greamaitheach**? — Tá → **Crann Cnó Capaill**
- Níl ↓
- An bhfuil na bachlóga **dubh**? — Tá → **Fuinseog**
- Níl ↓
- An bhfuil **grúpa** de **bhachlóga donna** ag **barr** an chipín? — Tá → **Dair**
- Níl ↓
- An bhfuil na bachlóga **fada, tanaí** agus **biorach**? — Tá → **Feá**
- Níl ↓
- An bhfuil na bachlóga **bándearg** nó **dearg**? — Tá → **Teile**

## Gníomhaíocht 3: Dialann Dúlra

Os rud é go bhfuil iniúchta déanta agat ar na tailte anois, cén fáth nach n-úsáidfeá an spás seo chun do shiúlóid, an fiadhúlra a chonaic tú nó na crainn a d'aithin tú **a tharraingt, a sceitseáil** nó a **scríobh.**



# Taiscéalaí Coillearnaí

## An Fómhar/An Geimhreadh

Tá go leor **crann iontach** i **bPáirc Thurlaigh** ach conas a **aithnímid sa Gheimhreadh** iad má **chailleann crainn dhuillsilteacha** a **nduilleoga!** Ó fad, b'fhéidir go mbeadh a fhios agat mar gheall ar **chruth** an **chrainn fhásta** nó trí scrúdú a dhéanamh ar **an gcoirt** nó ar na **caitíní**, ar na **bachlóga**, ar na **sceacha**, ar na **sean - thorthaí**, ar **na cnónna** agus ar na **sean - dhuilleoga.**

Chun a bheith i do **Thaiscéalaí Coillearnaí an Gheimhridh** beidh ort úsáid a bhaint as **do scileanna dúlra** agus **do chéadfaí láidre** chun na **gníomhaíochtaí seo a chríochnú.**




**Fad:** 1 uair +

Ard-Mhúsaem na hÉireann
National Museum of Ireland




## Gníomhaíocht 1: Ciall a Bhaint as

Tá an **nádúr** mórthimpeall orainn ach uaireanta, ní thugaimid é faoi deara. Is féidir leat do **chúig chéadfa - tadhall, boladh, blas, fuaim** agus **radharc** - chun go leor rudaí a fháil amach. **Cuir tic leis na boscaí** thíos de réir mar a **thagann tú ar gach ceann de na céadfaí** agus tú **ag siúl timpeall na dtailte.**

### Radharc

- [ ] Cuileann
- [ ] Buaircín Giúise
- [ ] Caora dearga
- [ ] Caitíní
- [ ] Crann Cnó Capaill

### Tadhall

- [ ] Rud éigin fliuch
- [ ] Rud éigin mín
- [ ] Rud éigin fuar
- [ ] Rud éigin garbh

### Blas

- [ ] Samhlaigh rud éigin a d'fhéadfadh iora a ithe
- [ ] Samhlaigh rud éigin a d'fhéadfadh duine a ithe

### Torann

- [ ] Uisce ag rith
- [ ] Duilleoga ag cnagarnach
- [ ] Rud éigin glórach
- [ ] Rud éigin ciúin

### Boladh

- [ ] Duilleoga fliucha
- [ ] Boladh a thaitníonn leat
- [ ] Boladh nach dtaitníonn leat

### Bónas!

An bhféadfá speiceas sonrach ainmhithe, planda nó crainn a aithint?

\- - - - - - - - - - - - - - - - - -

## Ag baint úsáid as an Léarscáil

**Lean an chonair** ar an léarscáil thuas chun do bhealach a dhéanamh timpeall na dtailte agus déan **trí Ghníomhaíochtaí an Taiscéalaithe Coillearnaí.** Féadfaidh an Léarscáil agus **'Eochair na Léarscáile'** cuidiú leat a oibriú amach **cá bhfuil tú,** agus cén **treo le dul ina dhiaidh!**

## Eochair na Léarscáile

1. Feá Rua
2. Cuileann
3. Oileán
4. Abhainn
5. Crann Cnó Capaill
6. Crann Darach
7. Crann fuinseoige
8. Teach Gloine
9. Crann Coill
10. Fíniúinlann
11. Crann Teile